Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ealaín

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Scéim Mharcála d'Ealaín na hArdteistiméireachta 2024

Tá Ealaín roinnte ina trí chomhpháirt agus na leithdháiltí marcanna mar seo a leanas:

| Comhpháirt Mheasúnaithe | Marcanna | Leibhéal |
|---|---|---|
| Obair Chúrsa Phraiticiúil | 250 marc | 50% |
| Scrúdú Praiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht | 100 marc | 20% |
| Scrúdú Scríofa – Amharcstaidéar | 150 marc | 30% |
| Iomlán | 500 marc | 100% |

# Obair Chúrsa Phraiticiúil agus Scrúdú Praiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht

## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Leagtar amach an Treoir do Scrúdú Ealaíne na Ardteistiméireachta le haghaidh Obair Chúrsa Phraiticiúil agus Scrúdú Praiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht mar pháipéar scrúdaithe comhleibhéal. Fágann sé seo go bhfuair iarrthóirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil an t-ábhar spreagtha céanna agus go raibh orthu tabhairt faoi na tascanna céanna chun a saothar ealaíne a fhorbairt agus a chur i gcrích. Fós féin, táthar ag súil le caighdeán níos airde ó iarrthóirí Ardleibhéil ná mar atá ó hiarrthóirí Gnáthleibhéil.

Déantar an saothar a mharcáil ar scála tagartha ar dtús d'fhonn ailíniú ceart a chinntiú idir na caighdeáin a theastaíonn chun gráid a bhaint amach ag an dá leibhéal (H5=O1; H6=O2; H7=O3). Ansin déantar na marcanna tagartha seo a athrú go marcanna Ardleibhéil nó Gnáthleibhéil de réir mar is cuí.

Le go mbeadh sé níos éasca le cur i bhfeidhm, dearadh an scála tagartha le bheith ag teacht leis an scála Ardleibhéil. Dá réir sin, tar éis do mharcanna a bhronnadh de réir an scála tagartha ar chomhpháirt na hOibre Cúrsa Praiticiúla agus an Scrúdaithe Phraiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht de chuid an iarrthóra, i gcás iarrthóirí Ardleibhéil taifeadtar na marcanna tagartha sin mar a marc deiridh do Chomhpháirt na hOibre Cúrsa agus an Scrúdaithe Phraiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht fad is go ndéantar coigeartú ar iarrthóirí Gnáthleibhéil sa mhéid is go dtiontaítear a marc tagartha ina marc deiridh do Chomhpháirt na hOibre Cúrsa agus an Scrúdaithe Phraiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht. Tá an t-ailíniú idir na gráid leagtha amach sa tábla thíos.

## Coigeartú ar Chomhpháirt na hOibre Cúrsa

| Ardghrád | Gnáthghrád | Marc Tagartha | Marc an Ardleibhéil | Marc an Ghnáthleibhéil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 225 – 250 | 225 – 250 | 250 |
| 2 | | 200 – 224 | 200 – 224 | 250 |
| 3 | | 175 – 199 | 175 – 199 | 250 |
| 4 | | 150 – 174 | 150 – 174 | 250 |
| 5 | 1 | 125 – 149 | 125 – 149 | 225 – 249 |
| 6 | 2 | 100 – 124 | 100 – 124 | 200 – 224 |
| 7 | 3 | 75 – 99 | 75 – 99 | 175 – 199 |
| 8 | 4 | 63 – 74 | 63 – 74 | 150 – 174 |
| | 5 | 50 – 62 | 50 – 62 | 125 – 149 |
| | 6 | 38 – 49 | 38 – 49 | 100 – 124 |
| | 7 | 25 – 37 | 25 – 37 | 75 – 99 |
| | 8 | 0 – 24 | 0 – 24 | 0 – 74 |

**COMHPHÁIRT NA hOIBRE CÚRSA – coinbhéartú ón marc tagartha go dtí marc an Ghnáthleibhéil**

Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéal, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:

- Más é 150 nó níos mó an marc tagartha is é 250 an marc deiridh.
- Más é 75 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 150, ansin cuir 100 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 75, ansin dúbail an marc tagartha agus cuir 25 leis chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 0 an marc tagartha is é 0 an marc deiridh

| Marc Tagartha | Tiontú |
|---|---|
| 150 nó níos mó | Bronn 250 marc |
| 75 – 149 | Cuir 100 marc leis |
| 1 – 74 | Déan an marc tagartha a iolrú faoi 2 agus cuir 25 marc leis |
| 0 | 0 |

## Coigeartú ar Chomhpháirt an Scrúdaithe Phraiticiúil

| Ardghrád | Gnáthghrád | Marc Tagartha | Marc an Ardleibhéil | Marc an Ghnáthleibhéil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 90 – 100 | 90 – 100 | 100 |
| 2 | | 80 – 89 | 80 – 89 | 100 |
| 3 | | 70 – 79 | 70 – 79 | 100 |
| 4 | | 60 – 69 | 60 – 69 | 100 |
| 5 | 1 | 50 – 59 | 50 – 59 | 90 – 99 |
| 6 | 2 | 40 – 49 | 40 – 49 | 80 – 89 |
| 7 | 3 | 30 – 39 | 30 – 39 | 70 – 79 |
| 8 | 4 | 25 – 29 | 25 – 29 | 60 – 69 |
| | 5 | 20 – 24 | 20 – 24 | 50 – 59 |
| | 6 | 15 – 19 | 15 – 19 | 40 – 49 |
| | 7 | 10 – 14 | 10 – 14 | 30 – 39 |
| | 8 | 0 – 9 | 0 – 9 | 0 – 29 |

**COMHPHÁIRT AN SCRÚDAITHE PHRAITICIÚIL – coinbhéartú ón marc tagartha go dtí marc an Ghnáthleibhéil**

Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéal, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:

- Más é 60 nó níos mó an marc tagartha is é 100 an marc deiridh.
- Más é 30 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 60, ansin cuir 40 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 30, ansin dúbail an marc tagartha agus cuir 10 leis chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 0 an marc tagartha is é 0 an marc deiridh

| Marc Tagartha | Tiontú |
|---|---|
| 60 nó níos mó | Bronn 100 marc |
| 30 – 59 | Cuir 40 marc leis |
| 1 – 29 | Déan an marc tagartha a iolrú faoi 2 agus cuir 10 marc leis |
| 0 | 0 |

Baineann **dhá** chomhpháirt le hEalaín na hArdteistiméireachta. Is iad **Obair Chúrsa Phraiticiúil** agus **Scrúdú ar ar a nDearnadh Feitheoireacht** na comhpháirteanna praiticiúla, iad bunaithe ar threoir agus caitear leo mar aon thionscadal amháin.

Le haghaidh na gcomhpháirteanna praiticiúla den Ardteistiméireacht in 2024, ní foláir do gach iarrthóir an méid seo a leanas a chur isteach:

- Dialann Amhairc de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit ina bhfuil an obair fhorbartha as ar tháinig **dhá** dhéantán, na leathanaigh seo a leanas san áireamh:
  - ✓ Iniúchadh ar Théama Roghnaithe
  - ✓ Déantán A: Bileog Fhorbartha 1
  - ✓ Déantán A: Bileog Fhorbartha 2
  - ✓ Déantán B: Bileog Fhorbartha 1
  - ✓ Déantán B: Bileog Fhorbartha 2
- Déantán Fíoraithe A a d'fhéadfadh a bheith 2T, 3T nó ar taispeáint i bhfoirm MP4
- Déantán Fíoraithe B a d'fhéadfadh a bheith 2T, 3T nó ar taispeáint i bhfoirm MP4.

**Marcanna Foriomlána atá Ar Fáil:**

| **Critéir Mharcála** | **Déantán A** | **Déantán B** |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar théama | **10** | **10** |
| Foinsí Príomhúla | **25** | **25** |
| Forbairt | **40** | **40** |
| Déantán Fíoraithe | **90** | **90** |
| Léiriú de réimsí cleachtais a bhfuil difear follasach eatarthu | **10** | **10** |
| **Marcanna iomlána do Chomhpháirt na hOibre Cúrsa** | **250** | |
| **Marcanna iomlána do Chomhpháirt an Scrúdú Phraiticiúil** | | **100** |
| **Marcanna Iomlána ag dul do Chomhpháirteanna na hOibre Cúrsa Praiticiúla agus an Scrúdaithe Phraiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht** | **350** | |

Maidir leis an bhfocal Ealaín, i gcomhthéacs na scéime marcála seo glactar leis go gcuimsíonn sé réimsí na mínealaíne, dearaidh agus ceardaíochta i réimse meán idir thraidisiúnta, chomhaimseartha, nua agus/nó dhigiteach.

Ba cheart breathnú ar an saothar ealaíne ina iomláine ar dtús le tuiscint a fháil ar conas a forbraíodh agus a fíoraíodh é ó Iniúchadh ar Théama Roghnaithe go Bileoga Forbartha 1 agus 2 le haghaidh an dá dhéantán agus ansin na déantáin iad féin. Caith do shúil go mion thar an saothar ealaíne arís roimh tabhairt faoi mharcáil. Déan forbairt Dhéantán A a rianú ó leathanach an Iniúchta ar Théama Roghnaithe ar aghaidh go dtí na bileoga forbartha le haghaidh Déantán A agus ansin déan athbhreithniú ar Dhéantán A é féin. Ansin lean an próiseas céanna le haghaidh Déantán B.

Cinntigh le do thoil go ndéanann tú mionscrúdú ar gach gné den saothar ealaíne, lena n-áirítear gach líníocht, staidéar, plean, turgnamh, téacs scríofa, srl.

Ba cheart duit a bheith ar an eolas go bhfuil marcanna le bronnadh ar fhoinsí príomhúla a úsáid. Is éard is foinsí príomhúla ann ná foinsí, fisiciúil nó coincheapúil, a mbreathnaítear orthu ina riocht bunaidh agus nach bhfeictear iad trí léirmhíniú duine eile. Ba cheart duit a bheith ar an eolas freisin faoin difríocht idir oibriú ó fhoinse phríomhúil agus oibriú ó íomhá 2T d'fhoinse phríomhúil amhail grianghraf, fiú más é an t-iarrthóir féin a ghlac an grianghraf. Tá an dá rud bailí ach caithfidh d'aird a bheith ar chaighdeán na foghlama atá le sonrú.

Ní mór duit mionscrúdú a dhéanamh ar an saothar ealaíne le gur féidir leat na gnéithe a leagtar amach sa scéim mharcála a aithint sa saothar ealaíne ar a bhfuil tú ag breathnú. Ní ann d'aon chuid de na critéir mharcála ina n-aonar agus tá gach cuid de na critéir mharcála fite fuaite lena chéile in aon saothar ealaíne ar leith. Is dlúthchuid den tsonraíocht í líníocht agus ba cheart é a bheith le sonrú ar fud an tionscadail.

Tá na marcanna roinnte ina dhá gcuid agus an dá chuid sin ag teacht leis an dá chomhpháirt. Agus í ag freagairt d'**Obair Chúrsa Phraiticiúil**, baineann an chéad chuid leis an Dialann Amhairc, le forbairt agus fíorú Dhéantán A agus le forbairt Dhéantán B. Tá na marcanna bainteach leis seo sna colúin ghlasa sna táblaí thíos. Agus í ag freagairt do **Scrúdú Praiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht**, baineann an dara cuid le Déantán fíoraithe B. Tá na marcanna bainteach leis seo sa cholún gorm sna táblaí thíos. Rinneadh coigeartú ar na marcanna seo de réir difreálaigh le haghaidh Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil mar a leagtar amach thuas.

Tugtar treoir thíos le cuidiú le marcáil. Is iad ard, measartha, agus íseal na leibhéil a shanntar do na raonta marcála. Léigh na critéir a bhaineann le gach cuid den Scéim Mharcála agus tabhair aird ar na raonta marcála. Beidh ort raon marcála a roghnú ansin is mó in oiriúint don chritéar sonrach atá á mharcáil agat agus marc sonrach a roghnú ansin ó laistigh den bhanda sin a thugann an léiriú is fearr ar an obair a cuireadh i láthair. Is é seo an marc a bhronntar le haghaidh na coda sin den Scéim Mharcála.

| Caighdeán na freagartha | Treoir faoin Raon Marcála Comhleibhéal |
|---|---|
| Ard | Tá ardoilteacht le sonrú san obair a cuireadh isteach sa chaoi inar úsáideadh agus agus inar tuigeadh na critéir mharcála a liostaítear.<br>Tá fianaise le sonrú ar phlé leis na critéir mharcála a liostaítear ar bhealach an-oilte san obair atá á scrúdú. |
| Measartha | Maidir leis an obair a cuireadh isteach, tá úsáid agus tuiscint éifeachtach ar na critéir mharcála a liostaítear le sonrú inti.<br>Tá fianaise le sonrú ar phlé leis na critéir mharcála a liostaítear ar bhealach éifeachtach san obair atá á scrúdú. |
| Íseal | Is léir gur baineadh úsáid theoranta as na critéir mharcála a liostaítear agus go raibh tuiscint theoranta orthu.<br>Tá fianaise le sonrú ar phlé leis na critéir mharcála a liostaítear ar bhealach teoranta san obair atá á scrúdú. |

| Dialann Amhairc | | | Déantán A | Déantán B |
|---|---|---|---|---|
| **A** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• d'iniúchadh marthanach, fiúntach, cruthaitheach agus éagsúil ar an téama. | | | 10 | 10 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-4** | **5-7** | **8-10** | | |
| **B** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• d'fhoinse phríomhúil/d'fhoinsí príomhúla cuí a roghnú. De bhaint a bheith aige leis an léirmhíniú den téama a roghnaíodh.<br>• de réimse cuí d'fhoinsí príomhúla a roghnú. | | | 5 | 5 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-1** | **2-3** | **4-5** | | |
| **C** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• anailís ar an bhfoinse phríomhúil/ na foinsí príomhúla; agus leas á baint as réimse leathan de mhodhanna amhairc, de mheáin agus de theicnící. | | | 20 | 20 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-8** | **9-15** | **16-20** | | |
| **D** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• de choincheapa a fhorbairt ar bhealaí atá samhlaíoch cruthaitheach.<br>• de thaifead amhairc anótáilte d'fhiosrú curtha i dtoll a chéile; líníocht, triail a bhaint as smaointe, meáin agus teicnící éagsúla, scileanna réiteach fadhbanna a úsáid chun smaointe a fhorbairt ar bhealach ina bhfuil dul chun cinn i dtreo déantán fíoraithe le sonrú.<br>• de theanga amhairc dá c(h)uid féin a bheith á forbairt ag an iarrthóir chun smaointe a chur in iúl agus chun an ábhar spreagtha a nascadh leis an rud a bhí ar intinn agus leis an déantán fíoraithe, ar bhealach muiníneach críochnúil. | | | 30 | 30 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-12** | **13-23** | **24-30** | | |
| **E** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• de thaighde, de roghnú, d'eagrú, agus d'eolas ábhartha a phróiseáil ón méid a foghlaimíodh le linn Amharcstaidéar a dhéanamh.<br>• de thuiscint ar ghnásanna an réimse cleachtais trína ndearnadh an saothar ealaíne.<br>• den mhéid ina bhfuil taighde ó Amharcstaidéar tar éis dul i gcion ar an iarrthóir. | | | 10 | 10 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-4** | **5-7** | **8-10** | | |

| Déantán Fíoraithe | | | Déantán A | Déantán B |
|---|---|---|---|---|
| **F** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• de dhéantán pearsanta fiúntach a bheith curtha i láthair ar bhealach a fhíoraíonn an rud a bhí ar intinn agus a léiríonn tuiscint ar theanga amhairc agus ar chúrsaí aeistéitice.<br>• de dhéantán a chuireann in iúl go héifeachtach na smaointe a forbraíodh sa Dialann Amhairc. | | | 30 | 30 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-12** | **13-23** | **24-30** | | |
| **G** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• de fhreagairt ar leith ina bhfuil eolas agus tuiscint ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail dearaidh le sonrú. | | | 20 | 20 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-8** | **9-15** | **16-20** | | |
| **H** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• de fhreagairt ar leith ina bhfuil eolas agus tuiscint ar na meáin, ábhair agus teicnící a roghnaíodh le sonrú. | | | 30 | 30 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-12** | **13-23** | **24-30** | | |
| **I** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• den tslí iomlán ina dtéann an déantán críochnaithe i bhfeidhm. | | | 10 | 10 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-4** | **5-7** | **8-10** | | |
| **J** | | | | |
| *Ba cheart fianaise a bheith le sonrú san obair:*<br>• dhá dhéantán a bheith fíoraithe trí bhíthin dhá réimse cleachtais a bhfuil difear follasach eatarthu agus leas á mbaint as ábhair agus teicnící éagsúla le haghaidh gach ceann acu. | | | 10 | 10 |
| **Íseal** | **Measartha** | **Ard** | | |
| **0-4** | **5-7** | **8-10** | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Marcanna iomlána do Chomhpháirt na hOibre Cúrsa Praiticiúil** | | **250** | |
| **Marcanna Iomlána ag dul do Chomhpháirt an Scrúdaithe ar a nDearnadh Feitheoireacht** | | | **100** |
| | **Marcanna Iomlána ag dul do Comhpháirteanna na hOibre Cúrsa Praiticiúla agus an Scrúdaithe Phraiticiúil ar a nDearnadh Feitheoireacht** | **350** | |

Tar éis duit marc deiridh a bhronnadh ar an iarrthóir ní mór duit an marc seo a sheiceáil i gcoinne an Tuairiscín Gráid le cinntiú go bhfuil an marc deiridh a bhronn tú ceart.

| Grád | TUAIRISCÍN GRÁID - COMHPHÁIRTEANNA PRAITICIÚLA 2024<br>Ardleibhéal |
|---|---|
| **H1** | ***Tá riar maith de na tréithe seo a leanas le sonrú san iarrthóir/sa saothar ealaíne:***<br>• ar fheabhas i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• ar fheabhas i dtaca le cumas líníochta de ar bhealach a léiríonn scil, líofacht agus féinmhuinín den scoth sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• sárchumas a léiriú i leith eolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid den scoth bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• sárthuiscint ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn fad is a léirítear féinmhuinín agus éascaíocht den scoth agus inniúlacht den scoth ar na teicnící. |
| **H2** | ***Tá na tréithe seo a leanas le sonrú san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas an-mhaith i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• an-mhaith i dtaca le cumas líníochta de ar bhealach a léiríonn cumas an-mhaith i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas an-mhaith a léiriú i leith eolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid an-mhaith bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint an-mhaith ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn fad is a léirítear féinmhuinín agus éascaíocht an-mhaith agus inniúlacht an-mhaith léirithe ag an iarrthóir ar na teicnící. |
| **H3** | ***Tá na tréithe seo a leanas le sonrú san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas maith i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas maith i dtaca le cumas líníochta de agus cumas maith léirithe i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas maith a léiriú i leith eolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid mhaith bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint mhaith ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is atá féinmhuinín agus éascaíocht le sonrú agus an t-iarrthóir inniúil go maith ar na teicnící. |
| **H4** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas measartha i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas measartha i dtaca le cumas líníochta de agus cumas measartha léirithe i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas measartha le sonrú i dtaca le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid mheasartha bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint mheasartha ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is atá féinmhuinín agus éascaíocht mheasartha le sonrú agus an t-iarrthóir measartha inniúil ar na teicnící. |

| | |
|---|---|
| **H5** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas bunúsach i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas bunúsach i dtaca le cumas líníochta de agus cumas bunúsach léirithe i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas bunúsach le sonrú i dtaca le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid bhunúsach bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint bhunúsach ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is atá féinmhuinín agus éascaíocht bhunúsach le sonrú agus ní léirítear ach inniúlacht bhunúsach ar na teicnící. |
| **H6** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas teoranta i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• is beag cumas a léirítear i dtaca le cumas líníochta de agus is beag scil, líofacht agus féinmhuinín a léirítear sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• is beag cumas a léirítear maidir le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• is beag úsáid a bhaintear as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint theoranta ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is gur beag féinmhuinín agus éascaíocht a léirítear agus is beag inniúlacht a léiríonn an t-iarrthóir ar na teicnící. |
| **H7** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas fíortheoranta i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas fíortheoranta le sonrú i dtaca le cumas líníochta de agus is fíorbheag scil, líofacht agus féinmhuinín a léirítear sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• is fíorbheag cumas a léirítear maidir le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• is fíorbheag úsáid a bhaintear as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• Is fíorbheag tuiscint a léirítear ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is gur fíorbheag féinmhuinín agus éascaíocht a léirítear agus is fíorbheag inniúlacht a léiríonn an t-iarrthóir ar na teicnící. |
| **H8** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• is beag cumas nó ní léirítear cumas ar bith i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• is beag cumas nó ní léirítear cumas ar bith i dtaca le cumas líníochta de agus is beag nó ní léirítear scil, líofacht agus féinmhuinín ar bith sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• is beag cumas nó ní léirítear cumas ar bith i leith eolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• is beag úsáid nó ní bhaintear úsáid ar bith as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• is beag tuiscint nó ní léirítear tuiscint ar bith ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, agus is beag féinmhuinín agus éascaíocht a léirítear i mbun seo nó tá siad in easnamh ar fad agus is beag inniúlacht nó ní léirítear inniúlacht ar bith i leith na dteicnící. |

| Grád | TUAIRISCÍN GRÁID - COMHPHÁIRTEANNA PRAITICIÚLA 2024<br>Gnáthleibhéal |
| --- | --- |
| **O1** | ***Tá riar maith de na tréithe seo a leanas le sonrú san iarrthóir/sa saothar ealaíne:***<br>• ar fheabhas i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• ar fheabhas i dtaca le cumas líníochta de ar bhealach a léiríonn scil, líofacht agus féinmhuinín den scoth sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• sárchumas a léiriú i leith eolas amhairc ó fhoinse príomhúil/ó fhoinsí phríomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid den scoth bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• sárthuiscint ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn fad is a léirítear féinmhuinín agus éascaíocht den scoth agus inniúlacht den scoth ar na teicnící. |
| **O2** | ***Tá na tréithe seo a leanas le sonrú san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas an-mhaith i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• an-mhaith i dtaca le cumas líníochta de ar bhealach a léiríonn cumas an-mhaith i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas an-mhaith á léiriú i leith eolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid an-mhaith bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint an-mhaith ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn fad is a léirítear féinmhuinín agus éascaíocht an-mhaith agus inniúlacht an-mhaith léirithe ag an iarrthóir ar na teicnící. |
| **O3** | ***Tá na tréithe seo a leanas le sonrú san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas maith i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas maith i dtaca le cumas líníochta de agus cumas maith léirithe i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas maith á léiriú i leith eolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid mhaith bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint mhaith ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is atá féinmhuinín agus éascaíocht le sonrú agus an t-iarrthóir inniúil go maith ar na teicnící. |
| **O4** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas measartha i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas measartha i dtaca le cumas líníochta de agus cumas measartha léirithe i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas measartha le sonrú i dtaca le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid mheasartha bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint mheasartha ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is atá féinmhuinín agus éascaíocht mheasartha le sonrú agus an t-iarrthóir measartha inniúil ar na teicnící. |

| | |
|---|---|
| **O5** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas bunúsach i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas bunúsach i dtaca le cumas líníochta de agus cumas bunúsach léirithe i dtaca le scil, líofacht agus féinmhuinín de sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• cumas bunúsach le sonrú i dtaca le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• úsáid bhunúsach bainte as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint bhunúsach ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is atá féinmhuinín agus éascaíocht bhunúsach le sonrú agus ní léirítear ach inniúlacht bhunúsach ar na teicnící. |
| **O6** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas teoranta i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• is beag cumas a léirítear i dtaca le cumas líníochta de agus is beag scil, líofacht agus féinmhuinín a léirítear sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• is beag cumas a léirítear maidir le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• is beag úsáid a bhaintear as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• tuiscint theoranta ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is gur beag féinmhuinín agus éascaíocht a léirítear agus is beag inniúlacht a léiríonn an t-iarrthóir ar na teicnící. |
| **O7** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• cumas fíortheoranta i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• cumas fíortheoranta le sonrú i dtaca le cumas líníochta de agus is fíorbheag scil, líofacht agus féinmhuinín a léirítear sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• is fíorbheag cumas a léirítear maidir le heolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• is fíorbheag úsáid a bhaintear as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• is fíorbheag tuiscint a léirítear ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, fad is gur fíorbheag féinmhuinín agus éascaíocht a léirítear agus is fíorbheag inniúlacht a léiríonn an t-iarrthóir ar na teicnící. |
| **O8** | ***Tá na tréithe seo a leanas i dtreis san iarrthóir/sa saothar ealaíne***:<br>• is beag cumas nó ní léirítear cumas ar bith i dtaca le buanseasmhacht, cruthaitheacht, samhlaíocht, díriú airde agus ábharthacht de.<br>• is beag cumas nó ní léirítear cumas ar bith i dtaca le cumas líníochta de agus is beag nó ní léirítear scil, líofacht agus féinmhuinín ar bith sa chaoi ina gcuirtear eolas in iúl agus ina dtacaítear le smaointe agus obair an iarrthóra.<br>• is beag cumas nó ní léirítear cumas ar bith i leith eolas amhairc ó fhoinse phríomhúil/ó fhoinsí príomhúla a roghnú, a thaifeadadh agus a mheas chun obair a fhorbairt.<br>• is beag úsáid nó ní bhaintear úsáid ar bith as gnéithe ealaíne agus prionsabail dearaidh.<br>• is beag tuiscint nó ní léirítear tuiscint ar bith ar na hairíonna, na féidearthachtaí agus na srianta a bhaineann leis na meáin a oireann don rud a bhí ar intinn, agus is beag féinmhuinín agus éascaíocht a léirítear i mbun seo nó tá siad in easnamh ar fad agus is beag inniúlacht nó ní léirítear inniúlacht ar bith ar na teicnící. |

# Scrúdú Amharcstaidéir

## Réamhrá

**Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil**

Rinne scrúdaitheoirí na scripteanna a mharcáil ag baint úsáid as ardán marcála ar líne. Léiríonn an tábla seo a leanas na nótaí mínithe (siombailí) a chuireann na scrúdaitheoirí i bhfeidhm agus iad ag marcáil na scripteanna. Mínítear brí agus úsáid gach ceann de na nótaí mínithe a chuirtear i bhfeidhm sa tábla freisin. Feicfear na nótaí seo ar script má bhreathnaítear orthu mar chuid den phróiseas achomhairc. Breathnófar ar nótaí mínithe a chuireann scrúdaitheoir i bhfeidhm i ndearg. Na scripteanna a bhí marcáilte ag scrúdaitheoirí comhairleacha freisin, taispeánfaidh siad nótaí mínithe i ndath glas.

| Siombail | Cur síos | Ciallaíonn sé |
|---|---|---|
|  | Tic (bán) | Freagra scríofa agus/nó tarraingthe a chonaic an scrúdaitheoir'. |
|  | Corrach ceartingearach | Leathanach/roinn bán a chonaic an scrúdaitheoir. |

Nóta: B'fhéidir nach mbainfeadh roinnt nótaí mínithe le hábhar maidir le scripteanna ar leith.

**Bónas don Ghaeilge**

Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, m.sh. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, srl. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos mó ná 75% de na marcanna iomlána.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## *Tábla 150 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 150 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 112 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 113 | 11 |
| 114 - 116 | 10 |
| 117 - 120 | 9 |
| 121 - 123 | 8 |
| 124 - 126 | 7 |
| 127 - 130 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 131 - 133 | 5 |
| 134 - 136 | 4 |
| 137 - 140 | 3 |
| 141 - 143 | 2 |
| 144 - 146 | 1 |
| 147 - 150 | 0 |

An méid a leanas atá i gceist leis an bpróiseas marcála:

- Léitheoireacht agus anailís ar na freagraí go léir
- Leithdháileadh marcanna ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

Léigh an freagarleabhar ina iomláine d'fhonn eolas a chur ar an ábhar atá curtha i láthair le hé a mharcáil. Tabhair le fios cad iad na ceisteanna a freagraíodh agus an amhlaidh ar cuireadh sceitsí isteach.

Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.

Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.

Má tharraingítear sceitsí mar chuid de cheist a fhreagairt, ba cheart iad a mheas mar chuid den ábhar ar a bhfuil an marc bunaithe agus úsáid á bhaint as an leithdháileadh marcanna le haghaidh an chuid den cheist a bhfuil an sceitse mar fhreagra uirthi nó ag tacú léi.

Mura bhfuil cur amach agat ar an saothar ealaíne nó ar an ealaíontóir a phléitear i bhfreagra is fútsa atá sé tú féin a chur ar an eolas faoin saothar ealaíne nó an ealaíontóir sula dtugann tú faoin gceist a mharcáil. Cuirfear gach pointe bailí san áireamh.

Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

Nóta: Bí cúramach gan phionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná cúiteamh d'fhad gan údar.

Is ar chaighdeán a gcuid freagraí a dhéanfar iarrthóirí a mharcáil agus na gnéithe sna táblaí thíos á lorg. Úsáideann an scéim mharcála seo marcáil bunaithe ar thuairiscíní chun marcanna a bhronnadh. Braitheann an marc atá le bronnadh ar méid na marcanna atá ar fáil le haghaidh an chuid sin den cheist. Gach uair a dhéanann tú cinneadh marcanna a bhronnadh a bhaineann le cuid áirithe den scéim mharcála, ní mór duit an freagra ábhartha a léamh agus na critéir don chuid sonrach sin den scéim mharcála ar intinn agat. Ar an mbealach sin, beidh ort gach freagra a léamh roinnt uaireanta lena chinntiú go bhfuil anailís chuí déanta agat agus go mbronntar na marcanna cearta.

## Roinn A — Domhan an Lae Inniu — 50 marc

Caithfidh iarrthóirí cúig cheist ar bith sa roinn seo a fhreagairt ó Cheist 1 go Ceist 7.
Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

Tá treoir le fáil thíos mar chabhair don té atá i mbun marcála. Is iad íseal, measartha agus ard na leibhéil a shanntar do na bandaí marcála. Sa bhliain 2024, is ceisteanna ar fiú 4 mharc, 5 mharc nó 6 mharc iad na ceisteanna uile sa roinn seo. Úsáidtear tuairiscín sa roinn seo le haghaidh ceisteanna 4 mharc, 5 mharc agus 6 mharc. Ba chóir ciall a bhaint as na tuairiscíní seo i gcomhthéacs na ndúshlán agus na n-éileamh a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe ag an iarrthóir.

<table>
<tr><th colspan="4">Domhan an lae inniu – Tuairiscín le haghaidh ceisteanna gearra</th></tr>
<tr><th colspan="4">Litearthacht chriticiúil agus fiosrú comhthéacsúil mar scileanna chun brí a bhaint as nó teacht ar thuiscint ar réimse ábhar spreagtha/ceisteanna.</th></tr>
<tr><td rowspan="2">Beidh fianaise sa fhreagra ar na nithe seo a leanas nuair is cuí:<ul><li>Tuiscint theoranta ar cad atá á iarraidh sa cheist.</li><li>Cur i bhfeidhm teoranta de chleachtas, eolas agus tuiscint chruinn eolasach i gcásanna nua nach raibh cur amach ag an iarrthóir orthu roimhe.</li><li>Cumas éigin maidir le scileanna réitithe fadhbanna i leith an Amharcstaidéir agus chur i bhfeidhm praiticiúil na healaíne.</li><li>Anailís, léirmhíniú agus breithmheas teoranta déanta ar pé ábhar spreagtha a roghnaíodh.</li><li>Ní chuirtear ach líon beag argóintí, mínithe agus smaointe in iúl atá cruinn agus/nó ábhartha, agus gan ach beagán fianaise – nó easpa iomlán fianaise – ag baint leo.</li><li>Tugtar freagra ach gan ach beagán – nó easpa iomlán – comhleanúnachais agus fócais ag baint leis.</li><li>Téarmaíocht amharc-ealaíne agus/nó sceitsí á n-úsáid ach ar bhealach nach bhfuil ró-chruinn ná ró-ábhartha.</li></ul></td><td>4<br>Mharc</td><td>5<br>Mharc</td><td>6<br>Mharc</td></tr>
<tr><td>Íseal<br>0-1</td><td>Íseal<br>0-1</td><td>Íseal<br>0-2</td></tr>
<tr><td>Beidh fianaise sa fhreagra ar na nithe seo a leanas nuair is cuí:<ul><li>Tuiscint mhaith ar cad atá á iarraidh sa cheist.</li><li>Cur i bhfeidhm maith de chleachtas, eolas agus tuiscint chruinn eolasach i gcásanna nua nach raibh cur amach ag an iarrthóir orthu roimhe.</li><li>Scileanna réitithe fadhbanna maithe i leith an Amharcstaidéir agus chur i bhfeidhm praiticiúil na healaíne.</li><li>Anailís, léirmhíniú agus breithmheas maith déanta ar pé ábhar spreagtha a roghnaíodh.</li><li>Cuirtear argóintí, mínithe agus smaointe atá cruinn agus ábhartha i láthair ar bhealach maith agus iad bunaithe ar fhianaise den chuid is mó.</li><li>Cuirtear freagra maith i láthair atá comhleanúnach agus a bhaineann le hábhar.</li><li>Baintear leas maith cruinn ábhartha as téarmaíocht amharc-ealaíne agus/nó sceitsí.</li></ul></td><td>Meas artha<br>2-3</td><td>Meas artha<br>2-3</td><td>Meas artha<br>3-4</td></tr>
<tr><td>Beidh fianaise sa fhreagra ar na nithe seo a leanas nuair is cuí:<ul><li>Tuiscint dhomhain ar cad atá á iarraidh sa cheist.</li><li>Cur i bhfeidhm críochnúil de chleachtas, eolas agus tuiscint chruinn eolasach i gcásanna nua nach raibh cur amach ag an iarrthóir orthu roimhe.</li><li>Sárscileanna réitithe fadhbanna i leith an Amharcstaidéir agus chur i bhfeidhm praiticiúil na healaíne.</li><li>Anailís, léirmhíniú agus breithmheas atá seasmhach agus eolasach déanta ar pé ábhar spreagtha a roghnaíodh.</li><li>Cuirtear argóintí, mínithe agus smaointe atá cruinn ábhartha i láthair ar bhealach críochnúil agus iad bunaithe ar fhianaise.</li><li>Tugtar freagra comhleanúnach a bhaineann le hábhar agus é críochnúil.</li><li>Téarmaíocht amharc-ealaíne agus/nó sceitsí á n-úsáid go críochnúil, cruinn, ábhartha.</li></ul></td><td>Ard<br>4</td><td>Ard<br>4-5</td><td>Ard<br>5-6</td></tr>
</table>

**Ceist 1**

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Déan cur síos ar an ngrianghraf a bhaineann leas as na ceannteidil a sonraíodh: dath, patrún. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **6 Mharc** |
| 0-2 | 3-4 | 5-6 | |

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (b) Ar leagadh amach an grianghraf seo d'aon ghnó nó ar mhear-ghrianghraf é, dar leat? Na cúiseanna a tugadh sa fhreagra. | | | |
| **Íseal** | Measartha | Ard | **4 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4 | |

**Ceist 2**

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Liostaigh agus mínigh **dhá** bhealach dhifriúla a saothraíonn amharc-ealaíontóirí a mbeatha as a gcleachtadh ealaíne. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **6 Mharc** |
| 0-2 | 3-4 | 5-6 | |

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (b) Míniú ar an gcaoi a bhféadfadh an eagraíocht seo tacú le hamharc-ealaíontóir gairmiúil. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **4 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4 | |

**Ceist 3**

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Cur síos ar an bhfáinne seo faoi na ceannteidil a leanas: cruth, dath, bunábhair. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **6 Mharc** |
| 0-2 | 3-4 | 5-6 | |

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (b) Cén spriocmhargadh atá ag an bhfáinne seo, dar leat? Na cúiseanna leis an bhfreagra a tugadh ag baint úsáide as fianaise ón léiriú a thaispeántar. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **4 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4 | |

**Ceist 4**

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Cur síos ar an saothar ealaíne faoi na ceannteidil a leanas: bunábhair, dath, suíomh. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **5 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4-5 | |

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (b) Cad faoi a bhfuil an saothar ealaíne seo, dar leat? Na cúiseanna a tugadh sa fhreagra. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **5 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4-5 | |

**Ceist 5**

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Cur síos ar an dearadh faoi na ceannteidil a leanas: litreoireacht, íomhánna, leagan amach. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **6 Mharc** |
| 0-2 | 3-4 | 5-6 | |

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (b) Cad iad na teachtaireachtaí faoin bhfíschluiche atá á gcur trasna tríd an dearadh pacáistithe seo? Na cúiseanna a tugadh sa fhreagra. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **4 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4 | |

**Ceist 6**

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Cur síos ar an bhfeisteas a chaitheann carachtar **amháin** as scannán, seó teilifíse nó léiriú amharclainne. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **6 Mharc** |
| 0-2 | 3-4 | 5-6 | |

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (b) Cad is ceart do dhearthóir a chur sa mheá agus é/í ag dearadh feisteas do duine a bheith páirteach i seó beo? Na cúiseanna a tugadh sa fhreagra. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **4 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4 | |

**Ceist 7**

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (a) Anailís ar an struchtúr faoi na ceannteidil a leanas: foirm, scála, pátrún. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **6 Mharc** |
| 0-2 | 3-4 | 5-6 | |

| Freagra | | | |
|---|---|---|---|
| (b) Cén fáth ar roghnaigh na hailtirí cruach chun an struchtúr ailtireachta seo a thógáil, i do thuairim? Na cúiseanna a tugadh sa fhreagra. | | | |
| Íseal | Measartha | Ard | **4 Mharc** |
| 0-1 | 2-3 | 4 | |

| Roinn B | An Eoraip agus an Domhan Mór | 50 marc |
|---|---|---|

Caithfidh iarrthóirí ceist **amháin** a fhreagairt as an roinn seo. Tá 50 marc ag dul le gach ceist. Ní mór breathnú ar na freagraí ar fad agus iad a fhiosrú go cúramach, lena n-áirítear aon fhreagra sa spás roghnach le haghaidh pleanála, an spás roghnach freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, srl. agus sna spásanna le haghaidh freagraí breise.

Is féidir le hiarrthóirí tarraingt ar réimse leathan samplaí agus ábhar ábhartha chun ceist a fhreagairt. Maidir le haon ábhar ábhartha a luaitear, caithfear ainm an té a chruthaigh é a lua.

Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóirí níos mó ná ceist amháin srl. in aghaidh na roinne, is í an cheist leis an scór is airde a chuirfear san áireamh agus marcanna á mbronnadh.

Bainfear leas as na critéir thíos chun na freagraí sa roinn seo a mharcáil.

**Caighdeán an Fhreagra**
Roimh tabhairt faoi mharcáil, léigh an freagra iomlán a tugadh ar an gceist a roghnaíodh le go dtuigfidh tú an t-ábhar atá curtha i láthair lena mharcáil. Seiceáil ar tarraingíodh aon sceitse nó léaráid mar chuid de. **Nóta: Bí cúramach gan pionós a ghearradh ar ghontacht sciliúil, agus gan marcanna a bhronnadh ar fhad gan ghá.**
Ní mór ciall a bhaint as na tuairiscíní seo i gcomhthéacs na ndúshlán agus na n-éileamh a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe ag an iarrthóir.

| Roinn C | Éire agus a háit sa Domhan Mór | 50 marc |
|---|---|---|

Caithfidh iarrthóirí ceist **amháin** a fhreagairt as an roinn seo. Tá 50 marc ag dul le gach ceist. Ní mór breathnú ar na freagraí ar fad agus iad a fhiosrú go cúramach, lena n-áirítear aon fhreagra sa spás roghnach le haghaidh pleanála, an spás roghnach freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, srl. agus sna spásanna le haghaidh freagraí breise.

Is féidir le hiarrthóirí tarraingt ar réimse leathan samplaí agus ábhar ábhartha chun ceist a fhreagairt. Maidir le haon ábhar ábhartha a luaitear, caithfear ainm an té a chruthaigh é a lua.

Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóirí níos mó ná ceist amháin srl. in aghaidh na roinne, is í an cheist leis an scór is airde a chuirfear san áireamh agus marcanna á mbronnadh.

Bainfear leas as na critéir thíos chun na freagraí sa roinn seo a mharcáil.

**Caighdeán an Fhreagra**
Roimh tabhairt faoi mharcáil, léigh an freagra iomlán a tugadh ar an gceist a roghnaíodh le go dtuigfidh tú an t-ábhar atá curtha i láthair lena mharcáil. Seiceáil ar tarraingíodh aon sceitse nó léaráid mar chuid de. **Nóta: Bí cúramach gan pionós a ghearradh ar ghontacht sciliúil, agus gan marcanna a bhronnadh ar fhad gan ghá.**
Ní mór ciall a bhaint as na tuairiscíní seo i gcomhthéacs na ndúshlán agus na n-éileamh a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe ag an iarrthóir.

| Tuairiscíní ar na Bandaí i Roinn B agus Roinn C | |
|---|---|
| **Comhleanúnachas agus Béim ar Ábhar. 10 Marc.** | |
| **Íseal**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Cumas teoranta chun éilimh na ceiste a thuiscint agus chun freagra a chruthú bunaithe ar an gceist.<br>• Cumas teoranta chun argóintí agus smaointe a chruthú agus a chur in iúl atá réasúnta, loighciúil agus atá san ord ceart. An obair bunaithe ar fhíorbheagán – nó ar easpa iomlán – fianaise.<br>• Cumas teoranta chun tuiscint phearsanta a chur in iúl sa fhreagra. | **0-3** |
| **Measartha**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Cumas maith chun éilimh na ceiste a thuiscint agus chun freagra a chruthú bunaithe ar an gceist.<br>• Cumas maith argóintí agus smaointe a chruthú agus a chur in iúl atá réasúnta, loighciúil agus san ord ceart, agus iad bunaithe ar fhianaise den chuid is mó.<br>• Cumas maith chun tuiscint phearsanta a chur in iúl sa fhreagra. | **4-6** |
| **Ard**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Ardchumas chun éilimh na ceiste a thuiscint agus freagra ardleibhéil a chruthú atá bunaithe ar an gceist.<br>• Ardchumas argóintí agus smaointe a chruthú agus a chur in iúl atá réasúnta, loighciúil agus san ord ceart, agus é soiléir go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise.<br>• Ardchumas chun tuiscint phearsanta a chur in iúl sa fhreagra. | **7-10** |

| Tuairiscíní ar na Bandaí i Roinn B agus Roinn C | |
|---|---|
| **Eolas ar an Ábhar. 20 Marc.** | |
| **Íseal**<br>*Le sonrú sa fhreagra tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Aisghairm (tabhairt chun cuimhne), eolas agus tuiscint theoranta ar an roinn atá faoi chaibidil.<br>• Smaointeoireacht chriticiúil ag leibhéal teoranta maidir le hanailís agus breithmheas a dhéanamh ar an eolas atá aige/aici féin ar an roinn atá faoi chaibidil.<br>• Teoranta ó thaobh a c(h)uid eolais ar an roinn atá faoi chaibidil a úsáid go criticiúil nó go géarchúiseach chun tacú go cuí leis an gcur chuige a úsáideann sé/sí i leith na ceiste. | **0-7** |
| **Measartha**<br>*Le sonrú sa fhreagra tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Cuid mhaith aisghairme, eolais agus tuisceana ar an roinn atá faoi chaibidil.<br>• Smaointeoireacht chriticiúil ag leibhéal maith maidir le hanailís agus breithmheas a dhéanamh ar an eolas atá aige/aici féin ar an roinn faoi chaibidil.<br>• Baineann sé/sí leas maith, criticiúil, géarchúiseach as a c(h)uid eolais ar an roinn atá faoi chaibidil chun tacú go cuí leis an gcur chuige a úsáideann sé/sí i leith na ceiste. | **8-13** |
| **Ard**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Aisghairm, eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an roinn atá faoi chaibidil.<br>• Smaointeoireacht criticiúil ag leibhéal cuimsitheach maidir le hanailís agus breithmheas a dhéanamh ar an eolas atá aige/aici féin ar an roinn atá faoi chaibidil.<br>• Baineann sé/sí leas cuimsitheach, criticiúil, géarchúiseach as a c(h)uid eolais ar an roinn atá faoi chaibidil chun tacú go cuí leis an gcur chuige a úsáideann sé/sí i leith na ceiste. | **14-20** |

| Tuairiscíní ar na Bandaí i Roinn B agus Roinn C | |
|---|---|
| **Samplaí Ábhartha. 10 Marc.** | |
| **Íseal**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Réimse teoranta ealaíontóirí. Gan ach baint theoranta le hábhar ag na samplaí de shaothair ealaíne/déantúsáin a luaitear (nó gan a bheith in ann glacadh leo) agus gan a bheith in ann ach freagra teoranta a bhunú orthu.<br>• Tuiscint theoranta ar na healaíontóirí a luaitear agus tuiscint theoranta ar na samplaí de shaothair ealaíne/déantúsáin a úsáidtear chun an freagra a chosaint. | **0-3** |
| **Measartha**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Rogha mhaith d'ealaíontóirí agus baineann na samplaí de shaothair ealaíne/déantúsáin a luaitear le hábhar/tá siad aitheanta den chuid is mó. Baintear leas astu chun tacú le freagra atá cruinn den chuid is mó.<br>• Tuiscint mhaith ar na healaíontóirí a roghnaíodh agus tuiscint mhaith ar na samplaí de shaothair ealaíne/déantúsáin a úsáidtear chun an freagra a chosaint. | **4-6** |
| **Ard**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Rogha chuimsitheach ealaíontóirí agus baineann na samplaí de shaothair ealaíne/déantúsáin a luaitear go mór le hábhar/is cinn an-aitheanta iad go léir. Baintear leas astu chun tacú le freagra atá fíorchruinn.<br>• Tuiscint dhomhain ar na healaíontóirí a roghnaíodh agus tuiscint dhomhain ar na samplaí de shaothair ealaíne/déantúsáin a úsáidtear chun an freagra a chosaint. | **7-10** |

| Tuairiscíní ar na Bandaí i Roinn B agus Roinn C | |
|---|---|
| **Teanga Amhairc (téarmaíocht agus/nó sceitsí). 10 Marc.** | |
| **Íseal**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Úsáid theoranta den téarmaíocht chun smaointe a chur in iúl agus is beag tuiscint a léirítear ina taobh.<br>• Más amhlaidh go n-úsáidtear sceitsí: is beag cumas a léirítear iontu chun tacú leis an bhfreagra agus smaointe a chur in iúl. | **0-3** |
| **Measartha**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Leas maith bainte as an téarmaíocht chomh maith le tuiscint mhaith le sonrú ina taobh ar bhealach atá cruinn, ábhartha agus a fhónann do na smaointe a chur in iúl.<br>• Más amhlaidh go n-úsáidtear sceitsí: cumas maith léirithe iontu chun tacú leis an bhfreagra agus smaointe a chur in iúl. Is cruinn ábhartha iad na sceitsí den chuid is mó. | **4-6** |
| **Ard**<br>*Le sonrú sa fhreagra, tá fianaise ar na nithe seo:*<br>• Úsáid chríochnúil bainte as téarmaíocht chomh maith le tuiscint chuimsitheach le sonrú ina taobh ar bhealach atá cruinn ábhartha agus a fhónann do na smaointe a chur in iúl.<br>• Más amhlaidh go n-úsáidtear sceitsí: an-chumas léirithe iontu chun tacú leis an bhfreagra agus smaointe a chur in iúl. Is cruinn ábhartha cumasach iad na sceitsí. | **7-10** |